2026/1414

22.7.2026

CINNEADH (AE) 2026/1414 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Aibreán 2026

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186, i gcomhar le Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaíodh an Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), faoi Chlár Réime Fís 2020, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), go ceann tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2028.

(2) Tá an Liobáin ar cheann de 19 Stát Rannpháirteacha in PRIMA, tar éis di comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha dá rannpháirtíocht in PRIMA ([4]) (‘Comhaontú PRIMA’). Táan Comhaontú PRIMA , le feidhm a bheith aige fós fad a bheidh Cinneadh (AE) 2017/1324 i bhfeidhm.

(3) Le Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), cuireadh síneadh le fad foriomlán PRIMA go dtí an 31 Nollaig 2031 agus rinneadh foráil maidir leis an Liobáin leanúint de bheith rannpháirteach in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach ([6]), faoi réir comhaontú a thabhairt i gcrích, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú PRIMA.

(4) Ó chuir an Liobáin in iúl gur spéis léi leanúint de bheith rannpháirteach in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach, ba cheart di glacadh go foirmiúil leis na téarmaí agus na coinníollacha nuashonraithe le haghaidh rannpháirtíocht den sórt sin.

([1]) Toiliú an 26 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát, (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1324/oj).
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) – agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1291/oj).
([4]) Comhaontú maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) (IO L 79, 22.3.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2018/467/oj).
([5]) Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (IO L, 2024/1167, an 19.4 2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).
([6]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

(5) Chuige sin, an 9 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/2621 ([7]), lena n-údaraítear an Coimisiún le Comhaontú a chaibidliú, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA, lena leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht na Liobáine in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach.

(6) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 22 Iúil 2024, agus i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/521 ón gComhairle an ([8]), rinneadh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) ('an Comhaontú'), a shíniú an 8 Nollaig 2025, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, fhormheastar, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) ([9]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlactha ([10]).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([7]) Cinneadh (AE) 2023/2621 ón gComhairle an 9 Samhain 2023 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar na comhaontuithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Daon Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, Poblacht Arabach na hÉigipte, Ríocht Haisimíteach na hIordáine, Poblacht na Liobáine agus Ríocht Mharacó, faoi seach, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha dá rannpháirtíocht maidir le Fís Eorpach sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO L, 2023/2621, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2621/oj).

([8]) Cinneadh (AE) 2025/521 ón gComhairle an 10 Márta 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) (IO L, 2025/521, 18.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/521/oj).

([9]) Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L, 2026/1415, 29.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/1415/oj.

([10]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.